View in browser

28 Aibreán 2022

# Scéal, Scéal, Scéal...

- Scéilíní, nuaíocht agus fógraí as Cois Fharraige -

Eagrán 95





## FÉILE DRÁMAÍOCHTA NÁISIÚNTA

Taispeánadh **An Mhéar Fhada**, le Johnny Chóil Mhaidhc ar an Satharn mar chuid den Fhéile Náisiúnta Drámaíochta a bhí ar siúl i Seanscoil Sailearna. Fístéip den dráma ó 1992 a bhí ann, ina raibh Diarmaid Mac an Adhastair, Seán Leainde, Sarah Griallais, Beartla Ó Domhnaill agus Margó Ní Ghríofa páirteach. Tá an chuid is mó de na haisteoirí a bhí sa dráma i 1992 ar shlí na fírinne anois, faraor, ach bhí an sár-amhránaí Sarah Griallais, a bhí sa gcliar i láthair, chun an dráma a fheiceáil ar an scáileán mór. Bronnadh DVD den dráma ar Bhríd Uí Choistealbha, baintreach Johnny. Le linn an deireadh seachtaine léiríodh drámaí ó Cheatharlach, Dún na nGall, Corca Dhuibhne agus Cúil Aodha. Áine Ní Éalaí, ó Na hAille i gCois Fharraige, a scríobh ceann de na drámaí, **Comhluadar**, a chuir Aisteoirí Bhréanainn as Corca Dhuibhne ar an ardán. Comhghairdeachas le chuile dhuine a ghlac páirt sa bhFéile!

## SEÓ FAISIN AR SON MUINTIR NA HÚCRÁINE

Tá seó faisin á reáchtáil ag **Tigh Standún** ar an Aoine 6ú Bealtaine @ 11r.n., ar mhaithe le muintir na hÚcráine atá ag cur fúthu in Óstán na Páirce. Beidh éadaí áille ón siopa ar taispeáint ann chomh maith le cuideachta agus comhluadar! Is féidir ticéad don seó a fháil ag siopa Standún, ar €5. Beidh lascaine de 20% ar fáil sa siopa ar an lá agus beidh deis dearbhán ar luach



€250 a bhuachan. Má tá tuilleadh eolais uait is féidir teagmháil a dhéanamh leis an siopa ag 091 553 108.

## AISTRITHEOIR ÓG 2022 - CAINNEAR NIC RÉAMOINN

Comhghairdeachas le Cainnear Nic Réamoinn, atá ag freastal ar Choláiste Chroí Mhuire sa Spidéal a ainmníodh mar Aistritheoir Óg na Bliana 2022 le gairid. Seo an dara bhliain as a chéile a bronnadh an teideal ar scoláire ón gcoláiste don aistriúchán ón bhFraincis go Gaeilge. Bronnadh táibléad Samsung ar na buaiteoirí uilig. Bronnadh an duais ar Chainnear don aistriúchán ab fhearr ar fad sa tír agus an gradam speisialta don aistriúchán is fearr ó theanga seachas an Béarla, dá píosa aistrithe ón bhFraincis go Gaeilge. An Coimisiún Eorpach atá i gceannas ar an gcomórtas atá á reáchtáil le cúig bliana anuas.



## AITHEANTAS IDIRNÁISIÚNTA DO 'MADAME LAZARE'

Tugadh aitheantas ar leith don leabhar **Madame Lazare**, úrscéal i nGaeilge scríofa ag Tadhg Mac Dhonnagáin, i bPáras na Fraince le gairid. Ainmníodh an leabhar le haghaidh Gradam Liteartha an Aontais Eorpaigh agus bhain sé áit amach ar an ngearrliosta. Seo é an chéad úrscéal ó Thadhg, a bhfuil cónaí air i mBaile an Domhnalláin. Barzaz a d'fhoilsigh é agus tá sé le ceannach anseo nó, is féidir teacht air ó Chló Iar-Chonnacht nó ón Spailpín Fánach, i gCeardlann an Spidéil.

## GAELCHARA CHOIS FHARRAIGE


Tá an scéim **Gaelchara** á reáchtáil ag Fóram Chois Fharraige um Pleanáil Teanga arís i mbliana. Tá foghlaimeoirí Gaeilge, agus cainteoirí líofa Gaeilge ag teastáil le páirt a ghlacadh sa scéim. Ní mór go mbeadh cónaí ar na rannpháirtithe sa limistéar - ó Na Forbacha go Ros an Mhíl, agus ní féidir gaol

fola nó pósta a bheith idir na rannpháirtithe atá ag tabhairt faoi le chéile. Oibreoidh an foghlaimeoir agus an cainteoir líofa in éindí lena chéile leis an nGaeilge a úsáid níos minicí sa mbaile agus sa bpobal. Bronnfar €250 an duine ar an fhoghlaimeoir agus ar an meántóir ag deireadh na scéime. Le páirt a ghlacadh sa scéim, nó le breis eolais a fháil, déan teagmháil le optchois fharraige@gmail.com Féadfaidh beirt - foghlaimeoir agus cainteoir líofa - comh-iarratas a dhéanamh nó is féidir le daoine aonair iarratais aonair a dhéanamh. Bí i dteagmháil!!










## GRÚPA SIÚLÓIDE CHOIS FHARRAIGE

Tiocfaidh grúpa siúlóide Chois Fharraige le chéile don chéad uair i mbliana ar an gCéadaoin 4 Bealtaine @ 6i.n. ag an Airdín Buí. Tá súil againn go mbeidh an ghriain ag taitneamh le go mbeidh siúlóid éadrom, thaitneamhach againn cois trá. Fáilte roimh chách!

## LÁ EOLAIS: FUINNEAMH GRÉINE

Tá Lá Oscailte á reáchtáil ag Comhar Creidmheasa Cholmcille in éindí le *Solarstructures* ar an Satharn 30ú Aibreán. Beidh deis ag daoine i gCois Fharraige eolas a fháil faoi na bealaí a bhféadfaí billí leictreachais a laghdú agus céimeanna a ghlacadh le lorg carbóin a laghdú. Tabharfar deis do dhaoine ceisteanna a chur ar na saineolaithe a bheas i láthair maidir le fuinneamh gréine agus insliú. Tá sé i gceist go mbeidh ceann de na struchtúir a dhéanann *Solarstructures*, le haghaidh painéil gréine, le feiceáil ar an lá. Cuirfear tús le cúrsaí @ 11r.n. i gcarrchlós an Chomhair Chreidmheasa.

## BUGAÍ BEOGA SA SPIDÉAL


Cuireadh tús le sraith nua **Bugaí Beoga** ar an Luan 25ú Aibreán @ 9:30r.n. ag Céibh an Spidéil. Mairfidh an cúrsa sé seachtaine. Deis í seo do thuismitheoirí aclaíocht a dhéanamh i




gcomhluadar a gcuid páistí agus tuismitheoirí eile ar bhonn sóisialta. Le clárú is féidir teagmháil a dhéanamh le aisling@tuismitheoiri.ie Níl costas i gceist ach iarrtar ar rannpháirtithe clárú roimh ré. Tá an imeacht á reáchtáil ag **Tuismitheoirí na Gaeltachta** i gcomhpháirt le Fóram Chois Fharraige um Pleanáil Teanga. Tiocfaidh an grúpa le chéile arís ar an Luan 9ú Bealtaine.

## CIORCAL COMHRÁ CHOIS FHARRAIGE

Tiocfaidh **Ciorcal Comhrá Chois Fharraige** le chéile don chéad uair i mbliana ar an gCéadaoin 4ú Bealtaine @ 7i.n. Tá an ciorcal comhrá á reáchtáil ag **Club Foghlaimeoirí Gaeilge Chois Fharraige**, le tacaíocht ó Údarás na Gaeltachta agus Fóram Chois Fharraige um Pleanáil Teanga. Tiocfaidh an grúpa le chéile ag oifigí na pleanála teanga in Inis Fáil, An Spidéal. Fáilte roimh chách!




## 'PLUID' - CAINT AGUS COMHRÁ LEIS AN ÚDAR

Beidh caint agus comhrá le hEoghan Mac Cormaic a scríobh an leabhar **'Pluid'** i dTigh Mholly ar an 6ú Bealtaine @ 9i.n. **Club Leabhar Chois Fharraige** atá á reáchtáil seo agus pléifear agóid na Pluide sna Blocanna H agus Príosún Ard Mhacha idir na blianta 1976-81, mar atá léirithe sa leabhar. Beidh seisiún ceoil le Johnny Óg Connolly, Ruairí Mac Con Iomaire, an damhsóir Seosamh Ó Neachtain agus cairde ar bun ina dhiaidh. Le tuilleadh eolais a fháil déan teagmháil-le clubleabharcf@gmail.com

## MÁIRTÍN ÓG, CÓITSEÁLAÍ SAOIL AG COLÁISTE CHOLMCILLE

Labhair Máirtín Óg Mac Donnacha, cóitseálaí saoil le daltaí i gColáiste Cholmcille le gairid. Léirigh sé turas a shaoil agus conas a d'éirigh leis na dúshláin a tháinig roimhe a shárú. Labhair sé ar an leabhar ***'Mind Over Mountains'*** atá scríofa aige. Teachtaireacht láidir a bhí ina chuid cainte ná, is cuma cé chomh dona agus a bhíonn cúrsaí, feabhsóidh cúrsaí. Labhair sé faoin mbealach is fearr chun machnamh a dhéanamh chomh maith, mhol sé suigh le taobh an chladaigh agus éisteacht le ceol na farraige. Clúdaíodh ábhair eile cosúil le meoin aigne, athléimneacht, teacht aniar agus tábhacht le caitheamh

aimsire agus sos a thógáil. D'oibrigh foireann na scoile i gcomhpháirt le hOifigigh Pleanála Teanga Chois Fharraige leis an ócáid a reáchtáil.





Ba mhaith liom go gcuirfí ar an liosta teagmhála mé.

Fóram Chois Fharraige um Pleanáil Teanga CTR

Inis Fáil, An Spidéal, Co. na Gaillimhe
H91 X63V

083 010 6294

Muna mian leat cóip den nuachtlitir seo a fháil, seol teachtaireacht chuig optchoisfharraige@gmail.com agus bainfear den liosta poist thú.

Ba mhaith liom m'ainm a bhaint ón liosta

SENT BY mailer lite